II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1374 ÓN gCOIMISIÚN

**an 12 Aibreán 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 leagtar síos rialacha sonracha maidir le sláinteachas i ndáil le bia de bhunadh ainmhíoch le haghaidh oibreoirí gnólachta bia.

(2) Is coimpléasc einsímí í an bhinid a úsáidtear chun cáiseanna áirithe a tháirgeadh. Is ó ghoilí ainmhithe athchogantacha óga a bhailítear í. De réir na taithí atá faighte ag oibreoirí gnólachtaí bia, ba cheart leasú a dhéanamh ar na ceanglais shonracha sláinteachais maidir le goilí a úsáidtear chun binid a tháirgeadh, ceanglais a leagtar síos i bPointe 18(a) de Chaibidil IV de Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, chun bailiú na binide ó chaoirigh óga agus ó ghabhair óga a bharrfheabhsú. Thar aon ní eile, is iomchuí cead a thabhairt na goilí sin a thabhairt amach as an seamlas gan iad a bheith folmhaithe ná glanta.

(3) Mar thoradh ar fhorbairtí teicneolaíochta, tá éileamh ar chloigne agus ar chrúba a fhaightear ó ainmhithe crúbacha clóis chun a scafa nó a scallta agus a bharrloiscthe lasmuigh den seamlas i sainbhunaíochtaí formheasta a dhéanann próiseáil bhreise ar bhia. Mar iarmhairt phraiticiúil air sin, ba cheart cead a thabhairt cloigne agus crúba ó ainmhithe crúbacha clóis a iompar chuig na bunaíochtaí sin faoi dhálaí áirithe lena n-áiritheofar an tsábháilteacht bia. Dá bhrí sin, ba cheart pointe 18(c) de Chaibidil IV de Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún ([2]), féadfaidh an tréidlia oifigiúil cigireacht réamhbháis a dhéanamh lasmuigh de sheamlas i gcás marú éigeandála ainmhithe crúbacha clóis. Le pointe 2 de Chaibidil VI de Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ceanglaítear go ndéanfaidh tréidlia cigireacht réamhbháis i gcás marú éigeandála. Ba cheart an ceanglas sin a leasú ionas go mbeidh sé comhsheasmhach le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 agus ionas go ndéanfar tagairt ina áit don tréidlia oifigiúil.

([1]) IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2019 maidir le rialacha sonracha i ndáil le rialuithe oifigiúla a dhéanamh i dtaca le feoil a tháirgeadh agus le haghaidh limistéir táirgthe agus athsheachadta na moileasc débhlaoscach beo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 17.5.2019, lch. 1)

(5) Ceann de na gníomhaíochtaí a mholtar i Straitéis an Choimisiúin "Ón bhFeirm go dtí an Forc" [3] is ea leas ainmhithe a fheabhsú le haghaidh córas bia atá cóir sláintiúil neamhdhíobhálach don comhshaol, mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip. Tá athrú tagtha ar phatrúin tomhaltais na feola go háirithe, le héileamh méadaitheach ó Pharlaimint na hEorpa, ó fheirmeoirí agus ó thomhaltóirí go gceadófar marú ainmhithe crúbacha clóis áirithe ar láthair an ghabháltais bhunáitíochta, chun imní a sheachaint d'fhéadfadh a bheith ann maidir le leas ainmhithe le linn a mbailithe agus a n-iompair.

(6) Cé is moite den mharú éigeandála, tá ceanglas ann ainmhithe crúbacha clóis a mharú i seamlas atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 chun comhlíonadh na gceanglas sláinteachais a áirithiú, ceanglais a leagtar síos i gCaibidlí II agus IV de Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát seamlais shoghluaiste a fhormheas i gcomhréir leis an Airteagal sin. Féadfar na saoráidí soghluaiste sin a lonnú i ngach suíomh is cuí, lena n-áirítear feirmeacha, suíomhanna inar féidir grúpaí d'ainmhithe sláintiúla a mharú. Faoi chúinsí eile, is rud é iompar ainmhithe áirithe a d'fhéadfadh riosca a chruthú don láimhseálaí nó do leas na n-ainmhithe. Dá bhrí sin, ba cheart an marú agus an fuiliú a cheadú ar láthair an ghabháltais bhunáitíochta do líon teoranta bó-ainmhithe clóis agus muc-ainmhithe agus each-ainmhithe clóis. Ba cheart an cleachtas sin a bheith faoi réir coinníollacha dochta chun ardleibhéal sábháilteachta bia a choinneáil ar bun maidir leis an bhfeoil a dhíorthaítear ó na hainmhithe sin.

(7) Maidir le bó-ainmhithe clóis agus muc-ainmhithe agus each-ainmhithe clóis a mharaítear ar láthair an ghabháltais bhunáitíochta, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil leo, lena bhfianaítear gur comhlíonadh na ceanglais sláinteachais a bhaineann leis an marú. Is i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún a fhoráiltear don deimhniú oifigiúil sin [4].

(8) An 27 Meán Fómhair 2018, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) an dara tuairim eolaíoch maidir le cur chuige na hanailíse guaise i gcás bunaíochtaí beaga miondíola áirithe agus deonacháin bia [5]. Leis an Tuairim sin, moltar reo ar an leibhéal miondíola a bheith ina uirlis bhreise chun athdháileadh sábháilte bia a ráthú dóibh siúd atá i lúba an ghátair. Le héascú na gcleachtas maidir le bia a dheonú go sábháilte, coisctear cur amú bia agus rannchuidítear le slándáil bia, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos i straitéis an Choimisiúin "Ón bhFeirm go dtí an Forc" agus leis an aidhm fhoriomlán atá aige córas bia atá cothrom sláintiúil neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhunú mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip. Féadfaidh reo an bhia a bheith ina mhodh tábhachtach chun a áirithiú go ndéanann bainc bia agus carthanais eile an bia a athdháileadh go sábháilte. Faoi láthair, ní cheadaítear reo na feola i gcás gníomhaíochta ó mhiondíoltóir go miondíoltóir ós rud é go bhfuil de cheanglas ann feoil a reo atá beartaithe le reo gan moill mhíchuí tar éis an mharaithe nó an ghearrtha i gcomhréir le pointe 4 de Chaibidil VII de Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, a mhéid a bhaineann le hainmhithe crúbacha clóis, agus i gcomhréir le pointe 5 de Chaibidil V de Roinn II den Iarscríbhinn sin a mhéid a bhaineann le héanlaith chlóis agus le giorriaigh. Dá bhrí sin, ba cheart reo na feola a cheadú i gcás gníomhaíochta ó mhiondíoltóir go miondíoltóir faoi dhálaí áirithe chun dáileadh sábháilte na ndeonachán bia a áirithiú.

(9) I Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6] tugadh sainmhíniú ar an rud is "tréidlia formheasta" ann. Le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7] rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 a aisghairm agus tugadh sainmhíniú ar an rud is 'tréidlia formheasta' ann. Ós rud é go gcuimsítear "tréidlia formheasta" sa sainmhíniú ar "thréidlia oifigiúil" i Rialachán (AE) 2017/625, ba cheart na tagairtí do "thréidlia formheasta" in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú chun tagairt a dhéanamh do "thréidlia oifigiúil" ina ionad sin

---

[3] https://ec.europa.eu/food/sites/food/files/safety/docs/f2f_action-plan_2020_strategy-info_en.pdf

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe, le samhlacha de dheimhnithe oifigiúla agus le samhlacha de dheimhnithe sláinte/oifigiúla ainmhithe i dtaca le teacht isteach san Aontas agus gluaiseachtaí laistigh den Aontas de choinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí, le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1)

[5] *Iris EFSA* 2018; 16(11):5432

[6] Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha le caitheamh ag an duine (IO L 139, 30.4.2004, lch. 206)

[7] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar chun a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(10) Maidir leis na ceanglais shonracha sláinteachais a leagtar síos i Roinn III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 i dtaca le feoil ó mhamaigh géim feirme crúbscoilte a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, ní bheidh feidhm acu ach maidir le feoil ó *Cervidae* nó *Suidae*. Ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais chomhchosúla freisin maidir le feoil ó mhamaigh géim feirme crúbscoilte eile, cuir i gcás lámaí, chun riosca féideartha a sheachaint sa tsábháilteacht bia, riosca a eascraíonn as athruithe i bpatrúin tomhaltais de bharr méadú ar thomhaltas na feola sin.

(11) Coirp agus ionathar na géime fiáine a mharaítear le linn seilge, féadfar a n-iompar go dtí ionad bailiúcháin agus a stóráil ann sula n-iompraítear iad go bunaíocht láimhseála géime. Ba cheart rialacha sonracha sláinteachais a thabhairt isteach maidir le láimhseáil agus stóráil na gcorp agus na n-ionathar sin sna hionaid bhailiúcháin sin chun sábháilteacht bia na feola sin a áirithiú trí leasú a dhéanamh ar na ceanglais sláinteachais le haghaidh géim fiáin a leagtar síos i Roinn IV d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(12) Tá ceanglas ann géim fiáin a iompar a thúisce is féidir chuig bunaíocht láimhseála géime tar éis do dhuine oilte é a scrúdú i gcomhréir le pointe 3 de Chaibidil II de Roinn IV d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a mhéid a bhaineann le géim fiáin mór agus i gcomhréir le pointe 3 de Chaibidil III den Roinn sin maidir le géim fiáin beag chun gur féidir fuarú a dhéanamh laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis an mharaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin maidir le géim fiáin i gcás nach ndearnadh aon scrúdú.

(13) Is éard a fhoráiltear le pointe 3 de Chaibidil I de Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 i gcás ina n-aistríonn oibreoir gnó bia baisc moileasc débhlaoscach beo idir bunaíochtaí nach mór doiciméad clárúcháin a bheith ag gabháil leis an mbaisc. Chun an fhaisnéis a éilítear le pointe 4 de Chaibidil I de Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chomhchuibhiú, ba cheart samhail choiteann a bhunú den doiciméad clárúcháin maidir le haistriú moileasc débhlaoscach beo ó bhunaíocht go bunaíocht. Thairis sin, is cleachtas coitianta é baisceanna moilisc bhlaoscacha a sheoladh chuig oibreoirí idirmheánacha freisin, agus dá bhrí sin ba cheart an fhéidearthacht sin a áireamh sa doiciméad clárúcháin.

(14) I gcomhréir le pointe 1 de Chuid A de Chaibidil IV de Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní mór moilisc dhébhlaoscacha bheo a ní in uisce glan atá saor ó láib agus ó smionagar carntha sula gcuirtear tús leis an íonú. Chun uisce a spáráil áfach, níor cheart gur rud éigeantach a bheadh i níochán na moileasc débhlaoscach atá glan. Ba cheart pointe 1 de Chuid A de Chaibidil IV de Roinn VII a leasú dá réir.

(15) Biththocsainí muirí a sháraíonn na teorainneacha a leagtar amach i bpointe 2 de Chaibidil V de Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní ceart iad a bheith sna moilisc dhébhlaoscacha bheo a chuirtear ar an margadh. Tháinig an EFSA ar an gconclúid ina Thuairim maidir le biththocsainí mara i sliogéisc – grúpa Peicteanatocsain ([8]) nach bhfuil aon tuairisc ann maidir le héifeachtaí díobhálacha ar an duine a bhaineann le grúpa tocsainí Peicteanatocsainí (PTX). Ina theannta sin, faightear tocsainí ón ngrúpa aigéid Okadaic in éineacht le PTX i sliogiasc i gcónaí. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt do PTX a scriosadh ó phointe 2(c) de Chaibidil V de Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(16) Foráiltear le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe 2019/624 nach gá limistéir táirgthe agus athsheachadta a aicmiú i ndáil le holothuroidea a bhuaint nuair a dhéanann na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla ar na hainmhithe sin i gceantanna éisc, in ionaid seolta agus i mbunaíochtaí próiseála. Ba cheart Caibidil IX de Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú chun go bhféadfaí holothuroidea a bhuaint lasmuigh de limistéir táirgthe agus athsheachadta atá aicmithe.

(17) Ba cheart soithí a dhearadh agus a thógáil ionas nach n-éillítear na táirgí iascaigh le huisce ruma ná le camras, le deatach na le breosla, le hola ná le gréisc ná le haon substaint mhídheas eile. Boilg, umair agus coimeádáin a úsáidtear chun táirgí iascaigh a stóráil, a fhuarú nó a reo, ní ceart iad sin a úsáid ach oiread chun críocha eile seachas chun táirgí iascaigh a stóráil. Trealamh reo a bhfuil acmhainn leordhóthanach aige rudaí a reo a thapa is féidir i bpróiseas leanúnach agus a bhfuil tréimhse ghabhála teirmeach chomh gearr agus is féidir aige, ba cheart an trealamh sin a fheistiú ar reoshoithí agus ar shoithí cuisnithe, ionas go mbainfear amach teocht lárnach nach airde ná -18 °C. Ní ceart úsáid a bhaint as boilg stórála chun earraí a reo. Ba cheart na ceanglais a bhaineann le trealamh reo agus stórála feidhm a bheith acu maidir le fuarstórais ar an talamh freisin. Dá bhrí sin, ba cheart cuid I de Chaibidil I agus cuid B de Chaibidil III de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú dá réir.

---

([8]) https://doi.org/10.2903/j.efsa.2009.1109

(18) Tar éis calaoisí a rinneadh le déanaí maidir le tuinníní a reodh faoi sháile ar dtús ag -9 °C agus a beartaíodh don tionscal cannadóireachta ach a atreoraíodh lena gcaitheamh mar tháirgí iascaigh úra, is iomchuí a shoiléiriú i bpointe 7 de Chuid II de Chaibidil I de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le táirgí iomlána iascaigh a reoitear faoi sháile ar dtús ag -9 °C agus atá ceaptha don tionscal cannadóireachta, fiú má reoitear arís iad ag teocht -18 °C, ní ceart ceann scríbe difriúil a bheith acu seachas an tionscal cannadóireachta.

(19) Ní mór aenna agus eochraí táirgí iascaigh atá ceaptha le caitheamh ag an duine a chaomhnú faoi oighear, ag teocht atá gar do leátheocht an oighir, nó ní mór iad a reo. Is iomchuí cuisniú aenna agus eochraí a cheadú faoi dhálaí éagsúla seachas faoi oighear, ag teocht atá gar do leátheocht an oighir. Dá réir sin, ba cheart pointe 6 de Chuid II de Chaibidil I de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú ionas go bhféadfar aenna agus eochraí táirgí iascaigh atá ceaptha le caitheamh ag an duine a chuisniú ní hamháin faoi oighear ach faoi dhálaí éagsúla cuisnithe.

(20) Maidir le coimeádáin a úsáidtear chun táirgí iascaigh úra ullmhaithe neamhphacáistithe a stóráiltear faoi oighear a sheoladh nó a stóráil, níor cheart don leá-uisce teagmháil le haon táirge iascaigh. Ar chúiseanna sláinteachais tá sé tábhachtach a shoiléiriú ní hamháin nár cheart don leá-uisce teagmháil le táirgí iascaigh, ach ba cheart é a dhraenáil. Dá réir sin, ba cheart pointe 4 de chuid A de Chaibidil III de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú chun a shoiléiriú nár cheart do leá-uisce teagmháil le táirgí iascaigh agus ní hamháin sin ach gur cheart é a dhraenáil.

(21) Rialacha sonracha sláinteachais maidir le cosa froganna a leagtar síos i Roinn XI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní bhaineann siad ach le cosa froganna den speiceas RNA (fine Ranidae) i gcomhréir leis an sainmhíniú ar chosa froganna a leagtar síos i bpointe 6.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Níl feidhm ag rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh seilidí sa Roinn sin ach amháin maidir le gastrapóid talún den speiceas *Helix pomatia Linné, Helix aspersa Muller, Helix lucorum* agus speicis den fhine Achatinidae i gcomhréir leis an sainmhíniú ar sheilidí a leagtar síos i bpointe 6.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. De bharr athruithe ar nósanna itheacháin, déantar cosa froganna agus seilidí de speicis eile a tháirgeadh agus a chur ar an margadh freisin le caitheamh ag an duine. Ba cheart rialacha sonracha sláinteachais a leathnú chun na speicis sin a chumhdach chun sábháilteacht an bhia a dhíorthaítear ó na speicis sin a áirithiú.

(22) Le Roinn XII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 leagtar síos ceanglais shonracha maidir le teocht chun geirdheascadh a stóráil atá ceaptha le caitheamh ag an duine. A bhuí le forbairtí teicneolaíochta, is féidir teicnící pacáistithe áirithe a úsáid, cuir i gcás folúsphacáistiú, nach dteastaíonn ceanglais shonracha maidir le teocht ina leith chun sábháilteacht an bhia a dhíorthaítear ó gheirdheascadh a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart na dálaí teochta sin a scriosadh agus ba cheart don oibreoir gnólachta bia sábháilteacht an bhia a dhíorthaítear ó gheirdheascadh a áirithiú trí dhea-chleachtais sláinteachais agus nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail Anailís Guaise agus Pointe Criticiúil Rialaithe (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 mar a leanas:

(1) leasaítear Roinn I mar a leanas:

(a) leasaítear Caibidil IV mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(b)(ii):

"(ii) ainmhithe a mharaítear ar láthair an ghabhháltais bunáitíochta i gcomhréir le Caibidil VIa den Roinn seo nó i gcomhréir le pointe 3 de Roinn III;"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas ionad phointe 18:

"18. Ach amháin más éard atá a bheartú a n-úsáid ina bhfo-tháirgí ainmhíocha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *:

(a) ní mór na goilí a scalladh nó a ghlanadh; mar sin féin, nuair is éard atá beartaithe binid a tháirgeadh leo:

(i) ní ceangal atá i bhfolmhú na ngoilí ach amháin i gcás bó-ainmhithe óga

(ii) ní ceangal atá i bhfolmhú na ngoilí, a scalladh ná a nglanadh, ach amháin i gcás ainmhithe óga de chineál na gcaorach agus na ngabhar;

(b) ní mór na hinní a fholmhú agus a ghlanadh;

(c) ní mór na cloigne agus na cosa a scamhadh nó a scalladh agus a loimiceadh; mar sin féin, i gcás ina n-údaróidh an t-údarás inniúil cloigne ar léir iad a bheith glan, agus gan ábhair riosca shonraithe iontu i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **, agus nuair is léir na cosa a bheith glan agus é beartaithe a bpróiseáil le bia a dhéanamh, féadfar a n-iompar chuig bunaíocht fhormheasta, nó a bhfeannadh, a scamhadh agus a loimiceadh i mbunaíocht atá formheasta.

______________

* Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia le haghaidh an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

** Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1)."

(b) Leasaítear Caibidil VI mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2 agus 3:

"2. Is é an tréidlia oifigiúil a dhéanfaidh an chigireacht réamhbháis ar an ainmhí.

3. Ní mór an t-ainmhí maraithe fuilithe a iompar chuig an seamlas ar bhealach sláinteach agus sin a dhéanamh gan moill mhíchuí. Féadfar tarraingt an ghoile agus na n-inní a dhéanamh ar an láthair féin faoi mhaoirseacht an tréidlia oifigiúil, ach níl cead aon ullmhú eile a dhéanamh ann. Má bhaintear na hionathair as an ainmhí, ní mór iad sin a bheith ag gabháil leis an ainmhí maraithe agus é á thabhairt chuig an seamlas, agus ní mór é a bheith le sainaithint gur leis an ainmhí sin iad."

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

"An deimhniú oifigiúil atá leagtha amach i gCaibidil 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 * ón gCoimisiún, beidh an deimhniú sin ag gabháil leis an ainmhí maraithe chuig an seamlas, nó seolfar roimh ré é i bhformáid ar bith.

______________

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1)."

(c) Cuirfear isteach an chaibidil seo a leanas Caibidil VIa i ndiaidh Chaibidil VI:

"CAIBIDIL VIa: MARÚ BÓ-AINMHITHE CLÓIS SEACHAS BÍOSÚIN AR LÁTHAIR AN GHABHÁLTAIS BUNÁITÍOCHTA, MAR AON LE MARÚ MUC-AINMHITHE AGUS EACH-AINMHITHE CLÓIS CÉ IS MOITE DEN MHARÚ ÉIGEANDÁLA

Féadfar suas le trí bhó-ainmhí clóis, seachas bíosún, nó suas le sé mhuc-ainmhí clóis nó suas le trí each-ainmhí a mharú ar aon ócáid amháin ar láthair an ghabháltais bunáitíochta ach a n-údaraíonn an t-údarás inniúil sin i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) chun aon bhaol don láimhseálaí a sheachaint, agus ionas nach ndéanfar aon ghortú do na hainmhithe agus iad á n-iompar, ní féidir na hainmhithe a iompar go dtí an seamlas;

(b) comhaontú a bheith idir an seamlas agus úinéir an ainmhí a bhfuil a mharú á bheartú; ní mór don úinéir comhaontú dá shórt sin a chur in iúl don údarás inniúil i scríbhinn;

(c) ní mór don seamlas nó d'úinéir na n-ainmhithe atá le marú an tréidlia oifigiúil a chur ar an eolas trí lá ar a dhéanaí roimh an dáta agus an t-am atá marú na n-ainmhithe á bheartú;

(d) ní mór an tréidlia oifigiúil a dhéanfaidh an chigireacht ante-mortem ar an ainmhí atá le marú a bheith i láthair nuair atá an marú á dhéanamh;

(e) an t-aonad soghluaiste a úsáidfear chun na hainmhithe maraithe a fhuiliú agus a iompar chuig an seamlas, ní mór láimhseáil agus fuiliú na n-ainmhithe a bheith indéanta go sláinteach ann, agus an diúscairt chuí a dhéanfar ar a gcuid fola, ní mór sin a bheith ina chuid de sheamlas arna fhormheas ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 4(2); mar sin féin, féadfaidh an t-údarás inniúil sceitheadh fola a cheadú lasmuigh den aonad soghluaiste a mura bhfuil an fhuil le caitheamh ag an duine agus mura ndéantar an marú laistigh de limistéir shrianta faoi mar a shainítear in Airteagal 4(41) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *, sin nó i mbunaíochtaí ina gcuirtear srianta sláinte ainmhithe i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus i gcomhréir le haon ghníomhartha a ghlactar ar an mbonn sin;

(f) Ní mór an t-ainmhí maraithe fuilithe a iompar chuig an seamlas ar bhealach sláinteach, agus ní mór sin a dhéanamh gan aon mhoill mhíchuí; Féadfar tarraingt an ghoile agus na n-inní a dhéanamh ar an láthair féin faoi mhaoirseacht an tréidlia oifigiúil, ach ní cead aon ullmhú eile a dhéanamh ann; Má bhaintear na hionathair as an ainmhí, ní mór iad sin a bheith ag gabháil leis an ainmhí maraithe agus é á thabhairt chuig an seamlas, agus ní mór é a bheith le sainaithint gur le hainmhí faoi leith iad i gcás gach ainmhí faoi seach;

(g) ní mór na hainmhithe maraithe a chuisniú má chaitear níos mó ná dhá uair a chloig idir am maraithe an chéad ainmhí agus an t-am a shroicheann na hainmhithe maraithe an seamlas; Má bhíonn dálaí aeráide oiriúnacha ann, ní rud riachtanach an fuarú gníomhach;

(h) ní mór d'úinéir an ainmhí an seamlas a chur ar an eolas roimh ré maidir leis an am a bhfuil sé beartaithe na hainmhithe maraithe a thabhairt i láthair, rud is ceart a dhéanamh gan aon mhoill mhíchuí tar éis dó an seamlas a shroicheadh;

(i) mar aon leis an bhfaisnéis i dtaobh leis an mbiashlabhra atá le cur isteach i gcomhréir le Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, ní mór an deimhniú oifigiúil atá leagtha amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a chur leis na hainmhithe maraithe chuig an seamlas nó a chur isteach roimh ré i bhformáid ar bith."

* Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ( IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4 de Chaibidil VII:

"4. Feoil a bheartaítear a reo ní mór a reo gan moill mhíchuí, agus aird a thabhairt ar thréimhse chobhsaíochta roimh an reo nuair is gá sin.

Mar sin féin, oibreoirí gnólachtaí bia atá i mbun gníomhaíocht miondíola, féadfaidh siad feoil a reo chun a hathdháilte chun críche na ndeonachán bia i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(i) i gcás na feola a bhfuil dáta 'le húsáid faoi seo' i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *, roimh éag don dáta sin;

(ii) gan moill mhíchuí go teocht -18 °C nó níos ísle;

(iii) a áirithiú go ndéanfar dáta an reo a dhoiciméadú agus a sholáthar ar an lipéad nó ar mhodh eile;

(iv) feoil a reodh roimh ré (feoil dhíreoite) as an áireamh; agus,

(v) de réir aon choinníll atá leagtha síos ag na húdaráis inniúla maidir le reo agus úsáid bhreise mar bhia.

* Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18)."

(2) Leasaítear Roinn II mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5 de Chaibidil V:

"5. Feoil a bhfuil sé beartaithe í a reo, ní mór a reo gan moill mhíchuí.

Mar sin féin, oibreoirí gnólachtaí bia atá i mbun gníomhaíocht miondíola, féadfaidh siad feoil a reo chun a hathdháilte chun críche na ndeonachán bia i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(i) i gcás na feola a bhfuil dáta 'le húsáid faoi seo' i bhfeidhm ina leith i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ón bParlaimint agus ón gComhairle*, roimh éag don dáta sin;

(ii) gan moill mhíchuí go teocht -18 °C nó níos ísle;

(iii) a áirithiú go ndéanfar dáta an reo a dhoiciméadú agus a sholáthar ar an lipéad nó ar mhodh eile;

(iv) feoil a reodh roimh ré (feoil dhíreoite) as an áireamh; agus,

(v) de réir aon choinníll atá leagtha síos ag na húdaráis inniúla maidir le reo agus úsáid bhreise mar bhia."

(b) Leasaítear Caibidil VI mar a leanas:

(i) scriostar pointe 6;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:

"7. mar aon leis an bhfaisnéis i dtaobh leis an mbiashlabhra atá le cur isteach i gcomhréir le Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, ní mór an deimhniú oifigiúil atá leagtha amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a chur leis na hainmhithe maraithe chuig an seamlas nó chuig an ionad spólta a chur isteach roimh ré i bhformáid ar bith."

(3) leasaítear Roinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. Na forálacha atá i Roinn I, tá feidhm leo maidir le feoil ó mhamaigh géim chrúbscoilte feirme (Cervidae agus Suidae) a chur ar an margadh, ach amháin i gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil iad a bheith mí-iomchuí."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3(j):

"(j) an deimhniú oifigiúil a leagtar amach i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún, deimhniú a eisíonn agus a shíníonn an tréidlia oifigiúil, lena ndeimhnítear toradh fabhrach a bheith ar an gcigireacht réamhbháis, an marú agus an fuiliú a bheith déanta i gceart, mar aon le dáta agus le ham an mharaithe, is deimhniú é a chuirtear leis an ainmhí maraithe chuig an seamlas nó a seoladh roimh ré in aon fhormáid."

(4) leasaítear Roinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an abairt réamhráiteach seo a leanas:

"Chun críoch na Caibidle seo, is éard is ciall le 'hionad bailiúcháin' bunaíocht a úsáidtear le coirp agus ionathair géime fiáine a stóráil sula n-iompraítear chuig bunaíocht láimhseála géime iad."

(b) Leasaítear Caibidil II mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4(c):

"(c) Má tharlaíonn nach bhfuil aon duine oilte ar fáil chun an scrúdú dá dtagraítear i bpointe 2 a dhéanamh i gcás ar leith, ní mór an cloigeann (seachas na starrfhiacla, na beanna agus na hadharca) agus an t-ionathar ar fad, seachas an goile agus na hinní, a bheith ag gabháil leis an gcorp, agus ní mór an corp a iompar chuig bunaíocht láimhseála géime a thúisce is féidir i ndiaidh an mharaithe."

(ii) i bpointe 8(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"ní fhéadfar (b) a sheoladh chuig bunaíocht láimhseála géime i mBallstát eile mura bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leis le linn a iompartha chuig bunaíocht láimhseála géime, deimhniú a leagtar amach i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún arb é an tréidlia oifigiúil a dhéanann a eisiúint agus a shíniú, deimhniú gur comhlíonadh na ceanglais i bpointe 4 den Chaibidil seo maidir le dearbhú a bheith ar fáil, i gcás inarb iomchuí, agus maidir leis na codanna ábhartha den chorp a bheith ag gabháil leis."

(iii) cuirtear an pointe 10 seo a leanas isteach:

"10. Maidir le coirp agus ionathar géime fiáine móire, is féidir iad sin a iompar agus a stóráil in ionad bailiúcháin sula gcuirtear chuig bunaíocht láimhseála géime é ar choinníoll:

(a) an t-ionad bailiúcháin:

(1) a bheith cláraithe leis an údarás inniúil mar ghnólacht bia a dhéanann táirgeadh príomhúil dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(a) nuair nach bhfuil coirp á nglacadh ach ina lárionad céadbhailithe, nó

(2) ina lárionad atá formheasta ag an údarás inniúil mar ghnólacht bia i gcomhréir le hAirteagal 4(2) nuair a ghlactar le coirp ann ó ionaid bhailiúcháin eile;

(b) má tá na hainmhithe dí-innithe, tá cosc ar a gcarnadh le linn a n-iompair chuig an ionad bailiúcháin agus le linn a stórála ann;

(c) go n-iompraítear ainmhithe a maraíodh chuig an ionad bailithe go sláinteach agus gan mhoill;

(d) má chomhlíontar na coinníollacha teochta atá leagtha síos i bpointe 5;

(e) má bhíonn an tréimhse stórála chomh híseal agus is féidir;

(f) mura ndéantar aon láimhseáil thairis sin ar choirp agus inní na géime fiáine móire; An scrúdú a dhéanann duine oilte mar aon le haistriú na n-ionathar, sin rud is féidir a dhéanamh faoi na coinníollacha a leagtar síos i bpointí 2, 3 agus 4."

(c) Leasaítear Caibidil III mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3 Ní féidir feoil na géime fiáine bige a chur ar an margadh ach amháin má iompraítear an corp go bunaíocht láimhseála géime a thúisce is féidir tar éis an scrúdaithe dá dtagraítear i bpointe 1, nó mura bhfuil aon duine oilte ar fáil chun an scrúdú sin a dhéanamh i gcás ar leith, a thúisce is féidir tar éis an mharaithe".

(ii) cuirtear isteach an pointe 8 seo a leanas:

"8. Is féidir coirp na géime fiáine bige a iompar chuig ionad bailiúcháin, na hinní san áireamh, agus iad a stóráil ann, sula gcuirtear chuig bunaíocht láimhseála géime iad, ar an gcoinníoll:

(a) an t-ionad bailiúcháin:

(1) a bheith cláraithe leis an údarás inniúil mar ghnólacht bia a dhéanann táirgeadh príomhúil dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(a) nuair nach bhfuil coirp á nglacadh ach ina lárionad céadbhailithe, nó

(2) ina lárionad atá formheasta ag an údarás inniúil mar ghnólacht bia i gcomhréir le hAirteagal 4(2) nuair a ghlactar le coirp ann ó ionaid bhailiúcháin eile;

(b) má tá na hainmhithe dí-innithe, tá cosc ar a gcarnadh le linn a n-iompair chuig an ionad bailiúcháin agus le linn a stórála ann;

(c) go n-iompraítear ainmhithe a maraíodh chuig an ionad bailithe go sláinteach agus gan mhoill;

(d) go gcomhlíontar na coinníollacha teochta a leagtar síos i bpointe 4;

(e) má bhíonn an tréimhse stórála chomh híseal agus is féidir;

(f) mura ndéantar aon láimhseáil eile ar chorp na géim fiáine bige lena n-áirítear na hionathair; an scrúdú agus an tarraingt ionathar a dhéanann duine oilte, sin rud is féidir a dhéanamh áfach faoi na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 1 agus i bpointe 2."

(5) leasaítear Roinn VII mar a leanas:

(a) Sa chuid tosaigh, cuirtear isteach an pointe 1a seo a leanas:

"1a. Chun críche na Roinne seo, ciallaíonn 'oibreoir idirghabhála' oibreoir gnó bia, lena n-áirítear trádálaithe, cé is moite den chéad soláthróir a dhéanann a ghníomhaíochtaí idir limistéir tháirgthe, idir limistéir athsheachadta nó idir bunaíochtaí."

(b) Leasaítear Caibidil I mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3. Nuair a aistríonn oibreoir gnólachta bia baisc de mhoilisc dhébhlaoscacha bheo idir limistéir tháirgthe, idir limistéir athsheachadta nó idir bunaíochtaí, ní mór doiciméad clárúcháin a bheith ag gabháil leis an mbaisc."

(ii) cuirtear an pointe (d) a leanas le pointe 4:

"(d) I gcás ina seolann oibreoir idirghabhála baisc de mhoilisc dhébhlaoscacha bheo, ní mór doiciméad clárúcháin nua a bheith ag gabháil leis an mbaisc agus é comhlánaithe ag an oibreoir idirghabhála. An fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c), mar aon leis an bhfaisnéis seo a leanas, ní mór í a bheith sa doiciméad clárúcháin:

(i) ainm agus seoladh an oibreora idirghabhála;

(ii) i gcás a mbeidh riochtú ann nó ath-thumadh chun stórála, an dáta túis, an dáta deiridh, an áit ina ndearnadh an coinníollú nó an t-ath-thumadh;

(iii) Má rinneadh coinníollú ar láithreán nádúrtha, ní mór don oibreoir idirghabhála a dheimhniú go raibh an láithreán nádúrtha inar tharla an riochtú aicmithe ina limistéar táirgthe aicme A tráth an chóirithe agus é ar oscailt chun buainte;

(iv) má rinneadh ath-thumadh ar an láithreán nádúrtha, ní mór don oibreoir idirghabhála a dheimhniú go raibh an suíomh nádúrtha inar tharla an t-aththumadh aicmithe tráth an ath-thumtha in aon aicme leis an limistéar táirgthe inar buaineadh na moilisc dhébhlaoscacha bheo.

(v) Má rinneadh ath-thumadh i mbunaíocht, ní mór don oibreoir idirghabhála a dheimhniú gur bhunaíocht arna formheas a bhí inti tráth an aththumtha. Ní dhéanfar éilliú breise ar na moilisc dhébhlaoscacha bheo de thoradh ar an ath-thumadh.

(vi) i gcás grúpála, an speiceas, an dáta ar cuireadh tús leis an ngrúpáil, an dáta deireadh grúpála, stádas an limistéir inar saothraíodh na moilisc dhébhlaoscacha bheo, agus baisc na grúpála, ina mbeidh an speiceas céanna i gcónaí, arna ghabháil an dáta céanna sa limistéar táirgthe céanna."

(iii) cuirtear isteach na pointí 8 agus 9 a leanas:

"8. Maidir leis na hoibreoirí idirghabhála, ní mór dóibh a bheith:

(a) cláraithe leis an údarás inniúil mar ghnólacht bia a dhéanann an táirgeadh príomhúil dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(a) mura bhfuil áitreabh acu nó más áitreabh é nach ndéanann siad ann ach moilisc dhébhlaoscacha bheo a láimhseáil, a ní agus a stóráil ag teocht na timpeallachta, gan iad a ghrúpáil ná a chomhoiriúnú, nó

(b) áitreabh atá formheasta ag an údarás inniúil mar oibreoir i ngnó an bhia i gcomhréir le hAirteagal 4(2) más rud é, sa bhreis ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), go bhfuil stóras fuar acu, nó má dhéanann siad grúpáil nó scoilteadh na moileasc débhlaoscach beo, nó má dhéanann siad coinníollú nó tumadh.

9. Féadfaidh oibreoirí idirghabhála moilisc dhébhlaoscacha bheo a fháil ó limistéir táirgthe atá in aicme A, B nó C, ó limistéir athsheachadta nó ó oibreoirí idirghabhála eile. Is féidir le hoibreoirí idirghabhála moilisc dhébhlaoscacha bheo a sheoladh:

(a) ó limistéir táirgthe in aicme A chuig ionaid seolta nó oibreoir idirghabhála eile;

(b) ó limistéir táirgthe aicme B chuig lárionaid íonaithe, bunaíochtaí próiseála, nó oibreoir idirghabhála eile agus chuig na hionaid sin amháin;

(c) ó limistéir táirgthe aicme C chuig bunaíochtaí próiseála nó chuig oibreoir idirghabhála eile a bhfuil áitreabh aige."

(c) I gCaibidil IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1 de Chuid A:

"1. Sula gcuirtear tús leis an íonú, ní mór moilisc dhébhlaoscacha bheo a ní in uisce glan ionas go mbeidh siad saor ó láib agus ó smionagar carntha."

(d) I gCaibidil V, pointe 2:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad a) pointe (a): "(a) do nimh sliogéisc pharailíteach (PSP), 800 mhicreagram de choibhéis saxitoxin diHCl an cileagram;"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad (b) pointe (c): "(c) i gcás aigéad ocadach, dinifiostocsainí agus peicteanatocsainí i dteannta a chéile, 160 micreagram de choibhéisí aigéid ocadaigh in aghaidh an chileagraim;"

(e) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil IX:

"CAIBIDIL IX: CEANGLAIS SHONRACHA MAIDIR LE PECTINIDAE, GASTRAPÓID MHUIRÍ AGUS SÚMAIRÍ CLADAIGH NACH SCAGBHEATHÓIRÍ IAD A BHUAINTEAR LASMUIGH DE LIMISTÉIR THÁIRGTHE AICMITHE

Maidir le hoibreoirí gnó bia a bhíonn ag buaint pectinidae, gastrapód muirí, agus súmairí cladaigh nach beathaithe scagaire iad lasmuigh de limistéir tháirgthe aicmithe, nó oibreoirí a láimhseálann pectinidae agus/nó gastrapóid mhuirí agus/nó súmairí cladaigh den sórt sin, ní mór dóibh na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Peictinidae, gastrapóid mhuirí agus súmairí cladaigh nach beathaithe scagaire iad, níor cheart iad a chur ar an margadh mura ndéantar iad a bhuaint agus a láimhseáil i gcomhréir le Cuid B de Chaibidil II agus mura gcomhlíonann siad na caighdeáin atá leagtha síos i gCaibidil V, faoi mar a léirítear le córas féinseiceálacha a dhéanann oibreoirí gnó bia a oibríonn ceant éisc, ionad seolta nó bunaíocht phróiseála;

2. I dteannta phointe 1, i gcás ina gcuireann sonraí ó chláir faireacháin oifigiúla ar a chumas don údarás inniúil meánna iascaireachta a aicmiú – i gcomhar le hoibreoirí gnó bia i gcás inarb iomchuí – beidh feidhm ag forálacha Chaibidil II, Cuid A maidir le pectinidae go hanalach;

3. Ní ceadmhach pectinidae, gastrapóid mhuirí agus súmairí cladaigh nach beathaithe scagaire iad a chur ar an margadh le caitheamh ag an duine ach amháin trí cheant éisc, trí ionad seolta nó trí bhunaíocht phróiseála. Le linn dóibh a bheith ag láimhseáil pectinidae agus/nó gastrapóid mhuirí den sórt sin agus/nó eicínideirmigh, ní mór d'oibreoirí gnó bia a oibríonn bunaíochtaí den sórt sin fógra a thabhairt don údarás inniúil faoi sin agus, i gcás ionaid seolta, ní mór dóibh ceanglais ábhartha Chaibidlí III agus IV a chomhlíonadh;

4. Oibreoirí i ngnó an bhia a bhíonn ag láimhseáil pectinidae, gastrapód muirí agus súmairí cladaigh nach beathaithe scagaire, ní mór dóibh na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) ceanglais na ndoiciméad i bpointí 3 go 7 de Chaibidil I i gcás inarb infheidhme. Sa chás sin, ní mór láthair an limistéir inar saothraíodh na pectinidae beo agus/nó na gastrapóid mhuirí bheo agus/nó na súmairí cladaigh beo a léiriú go soiléir ar an doiciméad clárúcháin, agus an córas a úsáidtear sa chur síos ar na comhordanáidí a shonrú; nó

(b) na ceanglais i gCaibidil VI, pointe 2, maidir le dúnadh gach pacáiste pectinidae beo, gastrapóid mhuirí beo agus súmairí cladaigh beo a sheoltar lena miondíol agus ceanglais Chaibidil VII maidir le marcáil sainaitheantais agus lipéadú."

(f) cuirtear isteach Caibidil X mar a leanas:

"CAIBIDIL X SAMHAIL DE DHOICIMÉAD CLÁRÚCHÁIN NA MOILEASC DÉBHLAOSCACH BEO, NA nEICÍNIDEIRMEACH BEO, NA dTÚINICEACH BEO AGUS NA nGASTRAPÓD MUIRÍ BEO

**DOICIMÉAD CLÁRÚCHÁIN NA MOILEASC DÉBHLAOSCACH BEO, NA nEICÍNIDEIRMEACH BEO, NA dTÚINICEACH BEO AGUS NA nGASTRAPÓD MUIRÍ BEO**

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I – Soláthraí | **I.1 Uimhir thagartha IMSOC** | **I.2 Uimhir thagartha inmheánach** |
| | **I.3 Soláthraí**<br>Ainm<br>Seoladh<br>Uimh. Chláraithe nó Uimh. Formheasa<br>Tír Cód ISO na Tíre<br>Gníomhaíocht | **I.4 An t-oibreoir fála i ngnó an bhia**<br>Ainm<br>Seoladh<br>Uimh. Chláraithe nó Uimh. Formheasa<br>Tíre Cód ISO na Tíre<br>Gníomhaíocht |
| | **I.5 Tuairisc ar na hearraí**<br>**Dobharshaothrú** Bainc Nádúrtha<br>• Cód CN nó cód FAO 3-Alpha \| speiceas \| cainníocht \| pacáiste \| baisc \| dáta na buainte\| dáta túis an choinníollaithe \| dáta deiridh an choinníollaithe \| áit an choinníollaithe \| dáta túis an ath-thumtha \| dáta deiridh an ath-thumtha \|áit an ath-thumtha\| dáta túis na hathghrúpála \| dáta deiridh na hathghrúpála \| limistéar táirgthe \| an stádas sláinte lena n-áirítear an bhuaint más infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62 (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 | |
| | **I.6 Ón limistéar athsheachadta** Is ea Ní hea<br>Limistéar athsheachadta<br>Fad an athsheachadta<br>Dáta túis<br>Dáta deiridh | **I.7 Ón lárionad íonaithe/seolta**<br>Halla ceantála Tá □ Níl □<br>**An uimhir formheasa atá ag an ionad/halla ceantála le haghaidh íonú/athsheachadta**<br>**Dáta iontrála**<br>**Dáta imeachta**<br>**Fad an íonaithe** |
| | **I.8 Ó Oibreoir Idirghabhála**<br>**Is ea Ní hea**<br>**Ainm**<br>**Seoladh**<br>**Uimh. Chláraithe nó Uimh. Formheasa**<br>**Tír**<br>**Cód tíre ISO**<br>**Gníomhaíocht**<br>**Dáta teachta**<br>**Dáta imeachta** | |
| | **I.9 Dearbhú an tsoláthróra**<br>Is mise an t-oibreoir i ngnó an bhia a bhfuil a shíniú anseo thíos, is mé atá freagrach as an gcoinsíneacht a sheoladh, agus dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear i gCuid I den doiciméad seo fíor agus iomlán chomh fada is eol dom agus de réir mar a chreidtear dom. | |
| | Dáta Ainm an tsínitheora Síniú | |
| Cuid II – Oibreoir fála | **II.1 Uimhir thagartha inmheánach (fáil)** | |
| | **II.2 Dearbhú an oibreora fala i ngnó an bhia**<br>Is mise an t-oibreoir i ngnó an bhia a bhfuil a shíniú anseo thíos, is mé atá freagrach as an gcoinsíneacht a fháil, agus dearbhaím gur tháinig an choinsíneacht i láthair ar an áitreabh atá agam ar [DÁTA].<br>Ainm an tsínitheora Síniú | |

**Nótaí míniúcháin**

| Bosca | Tuairisc |
|---|---|
| | **Cuid I – Soláthraí**<br>An t-oibreoir i ngnó an bhia a sheolann baisc de mhoilisc dhébhlaoscacha bheo, is eisean a líonfaidh an chuid sin den doiciméad. |
| **I.1** | **Uimhir thagartha IMSOC**<br><br>Is é seo an cód uathúil alfa-uimhriúil atá sannta ag an IMSOC |
| **I.2** | **Uimhir thagartha inmheánach**<br><br>An t-oibreoir i ngnó an bhia a **sheolann** an bosca seo, féadfaidh sé an bosca a úsáid chun uimhir thagartha inmheánach a léiriú. |
| **I.3** | **Soláthraí**<br><br>Sonraigh an t-ainm, an tsráid atá sa seoladh, an chathair agus an réigiún/cúige/stát, de réir mar is iomchuí, an tír agus cód tíre ISO na bunaíochta tionscnaimh. I gcás na limistéar táirgthe, sonraigh gur limistéar é atá údaraithe ag na húdaráis inniúla, le do thoil. I gcás pectinidae beo, gastropóid mhuirí, nó súmairí cladaigh, sonraigh suíomh an limistéir tháirgthe.<br>I gcás inarb infheidhme, sonraigh uimhir chláraithe nó uimhir formheasa na bunaíochta. Sonraigh an ghníomhaíocht (bailiú, ionad íonaithe, ionad seolta, halla ceantála, nó gníomhaíochta idirghabhála).<br>Nuair is ó ionad íonaithe/ionad seolta a sheoltar baisc na moilleasc débhlaoscach beo, nó i gcás na pectinidae, na ngastrópód muirí agus na súmairí cladaigh nach beathaithe scagaire iad a buaineadh lasmuigh de limistéir tháirgthe aicmithe, ó halla ceantála, sonraigh uimhir formheasa agus seoladh an ionaid íonaithe/ionaid íonaithe nó ceant éisc. |
| **I.4** | **An t-oibreoir fála i ngnó an bhia**<br><br>Sonraigh an t-ainm agus an seoladh (an tsráid, an chathair agus an réigiún/cúige/stát, de réir mar is iomchuí), an tír agus cód tíre ISO an chinn scríbe. I gcás na limistéar táirgthe nó na limistéar seolta, sonraigh gur limistéir iad atá údaraithe ag na húdaráis inniúla, le do thoil.<br>Sa chás inarb infheidhme, sonraigh an uimhir chláraithe nó an uimhir formheasa atá ag an mbunaíocht Sonraigh an ghníomhaíocht (bailiú, ionad íonaithe, ionad seolta, halla ceantála, nó gníomhaíochta idirghabhála). |
| **I.5** | **Tuairisc ar na hearraí**<br><br>Sonraigh an cód Ainmníochta Comhcheangailte de réir na gceanglas nó an cód FAO 3-Alpha, an speiceas, an chainníocht, an cineál pacáistithe (málaí, bulc, srl), baisc, dáta na buainte, dáta túis an choinníollaithe mar aon leis an dáta deiridh (i gcás inarb infheidhme), láthair an choinníollaithe (sonraigh aicme an limistéir tháirgthe agus an suíomh atá aige nó uimhir formheasa na bunaíochta i gcás inarb infheidhme), dáta túis agus dáta deiridh an ath-thumtha (i gcás inarb infheidhme), láthair an ath-thumtha (sonraigh aicme an limistéir tháirgthe agus suíomh nó uimhir formheasa na bunaíochta nuair is infheidhme, dáta túis agus dáta deiridh na grúpála (nuair is infheidhme) an limistéar táirgthe agus a stádas sláinte atá aige (aicmiú an limistéir tháirgthe i gcás inarb infheidhme). I gcás inar buaineadh na LBManna i gcomhréir le hAirteagal 62 (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627, ba cheart sin a rá go sonrach.<br>Nuair a dhéantar an ghrúpáil ar na moillisc dhébhlaoscacha bheo, ní mór tagairt a bheith sa bhaisc do dhébhlaoscaigh den speiceas céanna a buaineadh an lá céanna sa limistéar táirgthe céanna.<br>Scrios faoi mar is cuí |
| **I.6** | **Ón limistéar seolta**<br><br>Nuair is ó ionad athsheachadta a sheoltar baisc de mhoillisc dhébhlaoscacha bheo, sonraigh an limistéar seachadta, faoi mar atá údaraithe ag na húdaráis inniúla, mar aon le fad an tseachadta (an dáta túis maille leis an dáta deiridh). |
| **I.7** | **Ó ionad íonaithe/ionad seolta nó ceant éisc**<br><br>Nuair is ó ionad íonaithe/ionad athsheachadta a sheoltar baisc de mhoillisc dhébhlaoscacha bheo, nó i gcás pectinidae, gastrópóid mhuirí, agus súmairí cladaigh nach beathaithe scagaire iad lasmuigh de limistéir tháirgthe aicmithe, ó halla ceantála, sonraigh an uimhir formheasa agus seoladh an ionaid íonaithe/ionaid athsheachadta nó an halla cheantála.<br>Más ó ionad íonaithe é, fad an íonaithe agus an dá dháta a cuireadh an bhaisc isteach agus amach as an ionad íonaithe. Scrios de réir mar is iomchuí |

| | |
|---|---|
| **I.8** | **Ón oibreoir idirghabhála**<br><br>Sonraigh an t-ainm, an tsráid atá sa seoladh, an chathair agus an réigiún/cúige/stát, de réir mar is iomchuí, an tír agus cód tíre ISO an oibreora idirghabhála.<br>I gcás inarb infheidhme, sonraigh an uimhir chláraithe nó an uimhir formheasa mar aon leis an ngníomhaíocht. |
| **I.9** | **Dearbhú an tsoláthróra**<br><br>Cuir isteach an dáta, ainm an tsínithe, agus an síniú. |

**Cuid II – An t-oibreoir fála i ngnó an bhia**

An t-oibreoir i ngnó an bhia a fhaigheann baisc de mhoilisc dhébhlaoscacha bheo, is eisean a líonfaidh an chuid sin den doiciméad.

| | |
|---|---|
| **II.1** | **Uimhir thagartha inmheánach (fáil)**<br><br>An t-oibreoir i ngnó an bhia a fhaigheann an bosca seo, féadfaidh sé an bosca a úsáid chun uimhir thagartha inmheánach a léiriú. |
| **II.2** | **Dearbhú an oibreora fala i ngnó an bhia**<br><br>Sonraigh an dáta a tugadh baisc de mhoillisc dhébhlaoscacha bheo chuig an áitreabh atá ag an oibreoir fála i ngnó an bhia. I gcás a bhfuil an t-oibreoir idirghabhála gan áitreabh, sonraigh dáta ceannaithe na baisce.<br>Cuir isteach ainm an tsínithe mar aon leis an síniú.‘ |

(6) leasaítear Roinn VIII mar a leanas:

(a) Leasaítear Caibidil I mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 1:

“1. soithí a úsáidtear le táirgí iascaireachta a bhuaint sa timpeallacht nádúrtha atá acu, nó lena láimhseáil nó a bpróiseáil tar éis a mbuainte, sin agus soithí athlastála, comhlíonann siad na ceanglais struchtúrtha agus na ceanglais trealaimh a leagtar síos i gCuid I; agus”

(ii) cuirtear an pointe 5 a leanas le Cuid I.A:

“5. Ní mór soithí a dhearadh agus a thógáil sa chaoi nach cúis le héilliú na dtáirgí iascaigh a bheidh sa uisce ruma, sa séarachas, sa deatach, sa bhreosla, san ola, sa ghréisc, nó i substaintí mídheasa eile. Boilg, umair, agus coimeádáin a úsáidtear chun táirgí iascaigh neamhchosanta a stóráil, a fhuarú nó a reo, lena n-áirítear cinn atá beartaithe chun beatha a tháirgeadh, is nithe iad sin nach n-úsáidfear chun críocha eile ach na táirgí sin a stóráil, a fhuarú nó a reo, mar aon leis an leac oighir agus an sáile a úsáidtear chun na gcríoch sin. I gcás soithí athlastála, na forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí iascaigh neamhchosanta, beidh feidhm acu maidir leis na táirgí go léir a bhíonn á n-iompar.”

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid I.C pointí 1 agus 2:

“1. tá trealamh reo acu agus cumas leordhóthanach acu reo a thúisce is féidir i bpróiseas leanúnach agus a bhfuil tréimhse gabhála teirmí chomh gearr agus is féidir acu, ionas go mbainfear amach teocht lárnach nach mó ná -18 °C;

2. tá trealamh cuisnithe acu a bhfuil cumas leordhóthanach aige táirgí iascaigh i mbolg stórála a choimeád ag teocht nach mó ná -18 °C. Ní ceadmhach na boilg stórála a úsáid le haghaidh reo mura gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos i bpointe 1, agus ní mór gléas taifeadta teochta a bheith feistithe air áit ar féidir a léamh go héasca. Ní mór braiteoir teochta an léitheora a bheith suite sa limistéar is airde teocht sa bholg;”

(iv) cuirtear an pointe (E) a leanas le Cuid I:

“E. Na ceanglais a ghabhann le soithí athlastála

Soithí athlastála chun iompar agus/nó chun stóráil táirgí iascaigh reoite i mbulc, ní mór trealamh a bheith acu a chomhlíonann na ceanglais maidir le reoshoithí atá leagtha síos i bpointe 2 de Chuid C i dtaca leis an acmhainn atá iontu chun an teocht a choinneáil mar atá.”

(v) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6 de Chuid II

"6. Nuair is ar bord an tsoithigh a dhéantar dícheannadh an éisc agus an tarraingt an ionathair, ní mór na gníomhaíochtaí sin a thabhairt i gcrích a thúisce is féidir tar éis na gabhála, agus ní mór na táirgí iascaigh a níochán láithreach. Na hinní agus na codanna a d'fhéadfadh sláinte an phobail a chur i mbaol, ní mór a dtarraingt a thúisce is féidir agus a gcoinneáil glan ar tháirgí iascaigh atá le caitheamh ag an duine. Aenna agus eochraí atá le caitheamh ag an duine, ní mór a gcuisniú nó a gcaomhnú faoi oighear ar theocht atá gar do theocht an oighir agus é ag leá, sin nó iad a bheith reoite."

(vi) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7 de Chuid II:

"7. I gcás ina ndéantar an t-iasc iomlán atá beartaithe a chur i gcannaí a reo in uisce sáile, ní mór teocht nach mó ná -9 °C a bhaint amach i gcás an táirge iascaigh. Fiú má dhéantar é a reo ina dhiaidh sin ag teocht -18 °C, an t-iasc iomlán a reoitear in uisce sáile ar dtús ag teocht nach mó ná -9 °C, is é a chur i gcannaí is gá a dhéanamh leis. Ní ceart an t-uisce sáile a bheith ina chúis éillithe ar an iasc."

(b) Leasaítear Caibidil III mar a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid A, pointe 4:

"4. Maidir le coimeádáin a úsáidtear chun táirgí iascaigh úra neamhullmhaithe atá stóráilte faoi oighear a sheoladh nó a stóráil, ní mór a áirithiú go ndéantar an t-uisce leáite a dhraenáil astu ionas nach mbeidh siad ag teagmháil le haon táirgí iascaigh."

(ii) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid B:

"B. NA CEANGLAIS I LEITH TÁIRGÍ REOITE

Bunaíochtaí atá ar an talamh a dhéanann táirgí iascaigh reoite a reo nó a stóráil, ní mór trealamh a bheith acu atá in oiriúint don ghníomhaíocht atá á déanamh, trealamh a chomhlíonann na ceanglais maidir le reoshoithí a leagtar síos i Roinn VIII, Caibidil I, cuid I.C, pointí 1 agus 2."

(7) Cuirtear isteach na pointí 7 agus 8 a leanas i Roinn XI:

"7. Na ceanglais a leagtar síos i bpointí 1, 3, 4 agus 6, is ceanglais iad a bhfuil feidhm acu freisin maidir le seilidí eile den fhine *Helicidae, Hygromiidae* nó *Sphincterochilidae*, nuair atá siad le caitheamh ag an duine.

8. Na ceanglais a leagtar síos i bpointí 1 agus 5, tá feidhm acu chomh maith maidir le cosa froganna den chineál *Pelophylax*, d'fhine an *Ranidae*, agus de chineál an *Fejervarya, Limnonectes* agus *Dicroglossidae* nuair is le caitheamh ag an duine atá siad."

(8) I Roinn XII, i gCaibidil II, scriostar pointe 5.